# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**13ú Meán Fómhair 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

## AIFRINN NA SEACHTAINE

**12.09** Satharn 7 i.n.
Christopher Mc Fadden, Machaire Rabhartaigh
**13.09** Domhnach 9 r.n.
**13.09** Domhnach 11 r.n.
Padaí,Nora & Patrick Mc Gee,Machaire Rabhartaigh
**14.09** Luain 7 i.n.
**15.09** Máirt 10 r.n.
**16.06** Céadaoin 7 i.n.
**17.09** Déardaoin 7 i.n.
**18.09** Aoine 7 i.n.
Margaret Quinn, Inis Bó Finne/Machaire Rabhartaigh
**19.09** Satharn 7 i.n.
Grace & Mícheál Harkin, Sruthán
**20.09** Domhnach 9 r.n.
Sarah & Joe O'Brien, An Bhealtaine
**20.09** Domhnach 11 r.n.

**BÁS LE GAIRID**

Eugene Mac Pháidín,Mín Lárach
Kay Mc Quillan,Sandymount,Baile Átha Cliath
Michael Doogan,Caoldroim Uachtarach
Martina Rafferty, An Fál Carrach
Bella Diver,An Fál Carrach
Michael Mulhern, Felixstowe/Sasain

**CRUINNIÚ AIRGID**

Tógadh €1,165 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – 087 1965933**
**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA 085 756 0177**

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
**Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.**
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.**
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh.**

**BAILIÚCHÁN AIRGID**

Beidh bailiúchán airgid ag Geaftaí Tigh Phobail ar an 19ú agus 20ú Meán Fomhair le cuidiú le scoláirí PCC atá ag dul go Lourdes le h-obair dheonach a dhéanamh le Deoise Ráth Bhoth.

**OILITHREACHT GO LOURDES**

Tá cúpla suíochan fagtha ar oilithreacht go Lourdes ar an 28.09.26 fá choinne 5 lá. Déan teagmháil le John Mc Ginley 074913520

**THE IRISH CATHOLIC**

Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN CEATHRÚ DOMHNACH FICHEAD A**

**AN CHÉAD LÉACHT**

**Sliocht as leabhar Sírach. 27:30-28:7.**

Faltanas is fearg, is fuath liom iad,ach bíonn siad ina chroí istigh ag an pheacach. An té a bhaineas díoltas, bainfidh Dia díoltas as, nó coinníonn sé cuntas cruinn ar a pheacaí. Maith do do chomharsa an éagóir atá déanta aige, agus nuair a dhéanfas tú urnaí, maithfear do pheacaí duit. Má choinníonn duine olc istigh ina chroí do dhuine eile, caidé mar is féidir leis bheith ag dréim le leigheas ón Tiarna? Muna ndéana sé trócaire ar dhuine eile atá cosúil leis féin, caidé mar thig leis maithiúnas a iarraidh ina pheacaí féin? Má chothaíonn sé fearg agus gan ann féin ach duine, cé a mhaithfeas a pheacaí dó? Cuimhnigh ar an chríoch atá romhat agus cuir uait an fuath; cuimhnigh ar an deireadh agus ar an bhás agus coinnigh na haitheanta go dílis. Cuimhnigh ar na haitheanta agus ná bí i bhfeirg le do chomharsa. Cuimhnigh ar chonradh an Té is Airde agus déan neamhshuim de lochta do chomharsan.

**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**

Is grámhar trócaireach é an Tiarna,
foighdeach agus lán de cheansacht.

**AN DARA LEACHT**

**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh.**
**14:7-9.**

A bhráithre, ní dó féin amháin a mhaireas aon duine againn, agus ní dó féin amháin a fhaigheas aon duine bás; más beo dúinn, mairimid don Tiarna; agus más bás a fhaigheann muid, faighimid bás don Tiarna. Dá bhrí sin, is cuma cé acu beo nó marbh sinn, is leis an Tiarna sinn. Mar is fá choinne sin a fuair Críost bás agus d'éirigh arís ó mharbh, ionas go mba Tiarna na mbeo agus na marbh é.

**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**

**Alleluia, alleluia!**
Labhair, a Thiarna,
tá do sheirbhíseach ag éisteacht;
is agatsa atá briathra na beatha síoraí.
**Alleluia!**

**SOISCÉAL**

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 18:21-35.**

San am sin tháinig Peadar chuig Íosa agus dúirt leis: "A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart domh pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a pheacaíos sé i m'éadán; go dtí seacht nuaire?" Dúirt Íosa leis: "Ní seacht n-uaire a deirim leat, ach seacht n-uaire fá sheachtó." "Dá bhrí sin, is féidir ríocht na bhflaitheas a chur i gcosúlacht le rí arb mhian leis cuntas a iarraidh ar a chuid seirbhíseach. Nuair a thosaigh sé ar an chuntasaíocht, tugadh fear chuige a raibh fiacha deich míle talann air. Ó tharla nach raibh glanadh na bhfiach sin aige, d'ordaigh an máistir é féin, a bhean, a chlann agus a raibh aige a dhíol agus na fiacha a ghlanadh. Thuit an seirbhíseach ar a ghlúine ag cur impí air: 'A mháistir, bíodh foighid agat liom agus íocfaidh mé an t-iomlán leat.' Le neart trua dó, lig máistir an tseirbhísigh sin ar shiúl é